# GAELSCOIL CHNOC na RÉ

Baile Uí Dhúgáin (Ballydoogan) - Sligeach

**Fón: 071-9174019** **Uimhir Rolla: 20044 I** **scoil@cnocnare.net**


## Polasaí Frith-Bhulaíochta.

**Réamhrá.**

Cuireann an saol ina mhairimid na laetheanta seo an iomad dúshlán ós ár gcomhair a chuireann isteach ar ár sláinte agus ar ár bhfolláine. Mar chuid den réaltacht seo táimid i mbealach ionsaithe fisiciúil nó ó bhéal, chur isteach ar ár gcuid, choinneáil amach nó aonraithe. Caithfidh scoileanna machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leo riar a gcáis a sholáthar dá bpobail scoile,idir foirne agus daltai agus freagairt go cuí do cheisteanna a bfhéadfadh a bheith iogair agus corraitheach.

Maíonn an tAcht Oideachais 1998 agus an tAcht Oideachais (Leasú) 2000 go gcaithfidh scoileanna forbairt soisialta agus pearsanta daltaí a fhorbairt agus go gcaithfidh siad oideachas sláinte a sholáthar dóibh. Cuireann Treoirlínte an Roinn Oideachais ar Chosc ar Iompar Bhullaíochta i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna dualgas ar scoileanna frith-bhullaíocht a bheith mar chuid dá gcód smachta. Aithníonn Children First - National Guidelines for the Protection and Welfare of Children (An Roinn Sláinte agus Leanai1999)go bhfuil fadhb na bullaíochta i scoileanna ag dul i méid.Deir sé go bhfuil sé riachtanach go mbeadh polasaí chu deileáil le bullaíocht ag boird bainistíochta scoileanna agus go mbeadh na múinteoirí feasach faoin bpolasaí seo agus faoi na modhanna oibre le deileáil le bullaíocht.

**Ceim 1.**

Ag cruinniú foirne aontaíodh go raibh bullaíocht ina ábhar imní, ní toisc go raibh sé coitianta inár scoil ach toisc nach raibh aon mhódhanna oibre cinnte againn chun deileáil leí. Cheapamar freisin gur chóir clár coisctheach a chur i bhfeidhm.Socraíodh go gcuirfí coiste ar bun chun polasaí a fhorbairt.Socraíodh go mbeadh an Príomhoide agus múinteoir eile,beirt ionadaí on mBord Bainistíochta agus beirt bhall de Choiste na dTuismitheoirí mar bhaill den choiste.

Shocraigh foireann na scoile staidéar a dhéanamh ar doiciméid agus ar reachtaíocht faoi bhullaíocht. Ina measc bhí:

(a) The Department of Education guidelines on Countering Bullying Behaviour In Primary and Post Primary Schools.
(b) Social, Personal and Health Education,Primary School Curriculum and Teacher Guidelines, Department of Education and Science/NCCA 1999.
(c) Child Protection Guidelines and Procedures for Primary Schools - Department of Education and Science 2001.
(d) Stay Safe Programme.
(e) Children First - National Guidelines for the Protection and Welfare of Children - Department of Health and Children 1999.

Scrúdaíomar ceist na bullaíochta sa scoil. Bhíomar cinnte nach raibh polasaí scríofa ná modhanna oibre chun deileáil le bullaíocht sa scoil. Duirt múinteoirí gur chaith siad le bullaíocht mar bhriseadh riail scoile agus gur lean siad na modhanna oibre inár gcód smachta chun deileáil leis. D'aontaiomar go rabhamar go léir ag múineadh clár SPHE na roinne Oideachais. Seo ár gcéad bliain ag múineadh SPHE ach cheapamar go rabhamar ag plé ábhair mar féin-mheas, cairdeas 7rl sa rang Creidimh cheana.

Bunaíodh coiste aithne bullaíochta. D'aontaíomar go dteastódh cuidiú uainn ó na múinteoirí go léir,ó na tuismitheoirí,tiománaithe na mbusanna.agus ó na páistí go léir.Cheapamar go mbeadh orainn dul i gcomhairle leis na grúpaí seo leanas:

(a) An Bord Bainistíochta.
(b) Ionadaithe na dTuismitheoirí ar na mBord Bainistíochta.
(c) An Príomh Oide.
(d) Na Páistí.

Mheasamar go raibh áit do ionadaithe breise ón bpobal chun cuidiú linn m.sh. Baill den Bhord Sláinte, An Garda Síochána, an amharclann agus Lucht Pleanála Fhorbairt Scoileanna.An chéad rud eile a rinneamar ná spriocanna réalaíocha a leagan amach dúinn féin.

(a) Ár gcoiste agus foireann na scoile a chur ar an eolas faoi na saghasanna éagsúla bullaíochta.
(b) Tuiscint a fháil ar na tosca is bun le bullaíocht.
(c) A fháil amach cad iad gnó na scoile,gnó na clainne agus gnó an phobail i leith bullaíochta.
(d) A fháil amach cad é tuiscint na dtuismitheoirí i leith bullaíochta.
(e) A fháil amach an gceapann an tuismitheoirí go bhfuil bullaíocht ar siúl sa scoil faoi láthair.
(f) A fháil amach conas tá rudaí sa scoil faoi láthair i leith bullaíochta.

Shocraíomar go raibh gá le trí short gníomh chun na haidhmeanna thuasluaite a chur i gcrích:

1. Cruinniú eolais a thionól d'fhoireann na scoile agus don choiste. (Cheapamar go mbainfeadh baill uilig na foirne tairbhe as cruinniú ach ní raibh am ann chun cruinniú a bheith acu.)
2. Bhí ceistiuchán le cur amach do na tuismitheoirí go léir i malaí scoile na bpáistí ar Aibreán 25, 2002.
3. Bhí an príomhoide le dul i gcomhairle le hOifigeach Pleanála Fhorbairt Scoileanna chun fáil amach an bhféadfaí obair a dhéanamh ar bhullaíocht ar ár lá pleanála.

Ar Aibreán 30, 2002 bhuail réiteoir ón mBord Sláinte lenár gcoiste agus ár bhfoireann.

**Céim 2.**

Tar éis dúinn an dul chun cinn a bhí déanta againn a phlé lenár gcoleacaithe shocraíomar go mbainfeadh pobal na scoile taitneamh agus tairbhe as seachtain eolais ar bhullaíocht. Séard a bhí ann ná tréimhse ama nuair a bhí aire dírithe ar bhullaíocht. Rinneadh gníomhaíocht agus obair tionscnaimh ar na gnéithe seo leanas:

1. Eolas a mhúscailt faoin mbullaíocht agus faoin droch-thoradh a bhíonn leis ar ár mbeatha.
2. Muinín a chruthú inár scoil a chinnteoidh go gcosnóidh gach duine a c(h)earta féin agus cearta gach duine eile agus go dtabharfaidh siad tuairisc ar aon bhullaíocht a bhíonn ar siúl ná ar aon amhras faoi bhullaíocht a bheadh acu.Teastaíonn uainn go mbeadh féin-mheas ard ag na daoine inár scoil agus nach ndéanfadh siad bullaíocht ar dhaoine eile agus nach ligfeadh siad do dhaoine eile bullaíocht a dhéanamh orthu.
3. Atmaisféar churaim agus aire do dhaoine eile a chruthú agus a chothú sa scoil

**Aidhmeanna.**

- Eitic scoile a chruthú a d'fhéachfadh ar an scoil mar phobal a mbeadh comhmheas, comhoibriú agus an ceart nadúrtha ina saintréithe di.
- Scoil a chruthú a thugann misneach do pháisti eachtraí bullaíochta a nochtú agus a phlé.
- Eolas a mhúsacilt imeasc an Bhord Bainistíochta, na múinteoirí, na páistí, na tuismitheoirí agus na caomhnóirí faoi bhullaíocht mar iompar nach bhfuil inghlactha.
- A chinntiú go gcoimeadfaí súil ghéar ar imeachtaí uilig na scoile trí chintiú go mbeadh córas cuimsitheach maoirseachta i bhfeidhm.
- Modhanna oibre a fhorbairt chun fiosrú faoi agus chun deileáil le heachtraí bullaíochta.
- Clár tacaíochta a fhorbairt dóibh siúd a chuir eachtraí bullaiochta isteach orthu agus dóibh siúd a ghlac páirt i mbullaiocht.
- Oibriú le agus trí na heagrais éagsúla aitiúla chun cur in aghaidh gach saghas bullaíocht agus iompar frith shóisialta
- Éifeacht polasaí na scoile ar iompar frith-bhullaíochta a mheas.

**Sainmhíniú ar bhullaíocht.**

Is féidir bullaíocht a shainmhíniú mar ionsaí ar bith, ó bhéal, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine no grúpa daoine ar dhuine nó ar dhaoine eile.

Cé nár chóir glacadh le heachtraí aonair iompair ionsaítheach, is ar éigin gur féidir bullaíocht a thabhairt orthu.

<u>**Cineálacha Bullaiochta.**</u>

**Ionsaí Fisiciúil**.

San áireamh tá duine a bhrú nó sonc a thabhairt dó/dí, dornáil nó ciceáil,priocadh nó tuisle a bhaint as duine. Uaireanta d'fhéadfadh droch-ionsaí fisiciuil a bheith sa áireamh.

**Damáiste do Shealúchas**

San áireamh ta damáiste do éadaigh, leabhair scoile agus fearais eile foghlama.

**Sracaireacht.**

Airgead a éileamh nó a thogáil nó sealúchas a thógáil.

**Imeaglú.**

Gotha an-ionsaítheach agus bagrach agus an guth a bheith á úsáid mar arm.

**Aonrú.**
Ciallaíonn seo duine áirithe a aonrú nó a fhagáil as nó súil a dhúnadh air/uirthi ag cuid den rang nó ag an rang go léir.Uaireanta,in éineacht leis sin scríobhtar rudai maslaítheacha faoin duine no bítear ag rá rudaí maslaítheacha faoi/fúíthi ós íseal ach ard go leor chun gur féidir iad a chloisint.

**Leasainmneacha a thabhairt ar dhaoine.**
Meastar gur iompar bullaíochta leasainmneacha, a ghoileanna ar dhuine nó a mhaslaíonn nó náiríonn é/í a ghlaoch go leanúnach.

**Eitic na scoile.**
Is scoil lán-Ghaelach, Caitliceach, Críostaí í Gaelscoil Chnoc na Ré. Tá ár scoil ceangailte le forbairt iomlán gach uile páiste a thagann faoinár gcúram. Aithnímid gur sainduine gach páiste agus déanaimid gach iarracht a c(h)umas a fhorbairt. Chomh maith leis sin, tugaimid deis do na páistí eolas a chur ar theanga agus cultúr na Gaeilge i dtimpeallacht nadúrtha.

Tá sé mar aidhm ag ár scoil i gcónaí féin-mheas na ndaltaí a ardú trí:

- Cur i gcuimhne do gach páiste gur duine speiaialta é/í agusgo bhfuil grá mór ag Dia dó/dí.
- Na páistí a tharraingt isteach i ngníomhaíocht le grúpai ionas go mbeidh orthu oibriú mar fhoireann.Tugann seo deis dóibh freisin meas a bheith acu ar bhuanna daoine eile agus luach a chur orthu.
- Gan glacadh riamh le droch-iompar agus dímheas ar an duine féin nó ar dhaoine eile i measc sin.
- Treorú trí dea-shampla.

Is timpeallacht sona an scoil ina dtugann na páistí,na múinteoirí agus na tuismitheoirí tacaíocht agus meas dá chéile agus is féidir leis an bpáiste óg fás suas mar dhuine féinmhuiníneach sásta i scoil mar sin.

**Ag Árdu Eolais ar Bhullaíocht.**
Tá sé ar intinn againn poiblíocht leathan a thabhairt d'ár gclár frith-bhullaíochtachun eolas ar bhullaíocht a árdú.Chun an aidhm seo a chur i gcrích:

(a)Tá polasaí scoile faoi bhullaíocht dréachta againn i gcomhair leis an mBord Bainistíochta, na tuismitheoirí agus na páistí.

(b).Tá sé ar intinn againn dréacht den pholasaí scoile a chur chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí.
©. Pléifear ceist na bullaíocahta ag gach cruinniú fóirne. Gríosófar an fhoireann a bheith san airdeall agus fadhbanna faoi bhullaíocht a phlé.
(d). Tá súil againn eolas na bpáistí faoi bhullaíocht a ardú trí cláracha Creidimh agus S.P.H.E.
(e). Tá súil againn muinín a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnaóiri páistí a d'fhulaing bullaíocht, teacht go dtí an scoil. Cuirfimid in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí pháiste a ghlacann páirt in iompar bullaíochta, go bhfuil an-fhreagracht acu in iompar a linbh a athrú.
(f). Tá sé ar intinn againn seachtain eolais ar smacht go ginearálta agus ar cur in aghaidh iompar bhullaíochta go háirithe a bheith againn sa dara téarma gach bliain.

**Maoirseacht chun súil a choimeád ar gach gné d'imeachtaí na scoile.**
Is féidir féachaint ar na daltaí go léir,agus go mór mhór na daltaí sinnsearacha, mar achmhainn chun cuidiú le cur in aghaidh bullaíocht. Fuaireamar amach trínar dtaighde gur dóichí go dtarlóidh bullaiocht i gclós na scoile,sna dorchlaí, timpeall na leithris agus i gcúinní ceilte.Mar sin tá sé fíorthábhachtach
go ndéanfaidh na múinteoirí agus baill eile den fhoireann síormhaoirseacht ar na háiteanna sin.

**Freagrachtaí na Foirne**

- Modhanna oibre a chur i bhfeidhm chun cur in aghaidh aon saghas bullaíochta.
- Éisteacht leis na daoine go léir a bhfuil baint acu le heachtraí bullaíochta.
- Líomhaintí nó tuairiscí bullaíochta a iniúchadh chomh fada agus is féidir.
- Beart a dhéanamh mar is cuí nó an scéal a chur faoi bhráid an Phríomhoide.
- Cuntas a choimead agus tuairisc a chur chuig tuismitheoirí faoi gach eachtra bullaíochta.
- Réimse modhanna agus straitéis múinte agus foghlama a fhorbairt a chuirfidh in aghaidh iompar bullaíochta.
- Modhanna oscailte bainistíochta a fhorbairt a dhéanfaidh cumarsáid agus comhairle níos éascaí ar fud na scoile.
- Na luacha a bhfuil meas againne orthu a chothú trí shampla.
- Na headrána is lú cur isteach agus is mó éifeacht a fhorbairt.
- Monatóireacht a dhéanamh féachaint cé chomh fada is atá an méid thuas á chur i bhfeidhm trí phlé rialta idir an fhoireann,na tuismitheoirí agus na daltaí.
- Cuntas ar eachtraí bullaíochta a bhreacadh síos i leabhar chlóis ( i mbosca i gcás daltaí Antaine0.
- Na cuntais a choimead i gcóir monatóireachta.

**Clár Oibre le Bullaithe agus Leo Siúd atá thíos leo.**
Aithnímid mar oideachasóirí cé chomh tabhachtach is atá féinmheas sláintiúil do dhul ar aghaidh agus sonas na bpáistí inár scoil. Tuigimid freisin gur dócha go bhfuil féimmheas íseal ag daltaí a bhíonn páirteach i mbullaíocht agus go mb'fhéidir go mbeadh comhairle ag teastáil uathu chun cuidiú leo teacht ar shlithe eile chun a riachtanais a sholáthar gan cur isteach ar chearta daoine eile.Mar sin, caithfimid gnéithe deimhneacha iompair a chothú in áit gnéithe diúltacha.Sa tslí sin foghlaimeoidh na páisti conas a bheith freagrach ina niompar agusdá bharr sin fásfaidh muinín agus féinmheas iontu.

**Do Dhaoine a Fhulaingíonn Bullaíocht.**

1. Caithfimidne, mar mhúinteoirí a bheith san airdeall do comharthaí luatha anó i ndaltaí m.sh. meatlú ina gcuid oibre,fonn fanacht le daoine fásta, bheith ag gearán faoin bheith tinn go minic, tinnreamh mí-rialta 7rl. Seans gur luath-comharthaí bullaíochta iad seo.
2. Caithfidh múinteoirí éisteacht agus cuntas a choimead ar eaqchtraí bullaíochta.
3. Caithfimid tacaiocht agus cabhair a thairgsint díreach don duine a fhulaingíonn bullaíocht trí modhanna oibre na scoile a nchur i bhfeidhm.

4. Mar chéim ar aghaidh ar seo, tá gá go ndéanfar féinmheas daoine a d'fhulaing a ardú trí gníomhaíocht chun a scileanna sóisialta a fheabhsú. Beidh tacaíocht ón múinteoir ag teastáil uathu chun cur in aghaidh mothúcháin ísleachta agus cionntachta.
5. Caithfidh tuismitheoirí comhoibriú go hiomlán le polasaí na scoile i leith bullaíochta.

**Do Bhullaithe**

1. Caithfear bullaithe a chur i suímh ina mbeidh orthu, trí mheán dramaíochta ,rudaí a fheiceáil trí shúile an duine a d'fhulaing.
2. Caithfidh na múinteoirí, i gcomhair leis na tuismitheoirí, labhairt leis an mbullaí, chun fáil amach cén fáth go bhfuil sé/sí ag bullaíocht.
3. Caithfidh na múinteoirí deiseanna a sholáthar don bhullaí páirt a ghlacadh in imeachtaí atá beartaithe chun a féinmheas a ardú.
4. Ba chóir obair an ranga a dhéanamh oiriúnach do chumas an pháiste agus ba chóir raidhse moladh agus spreagadh a thabhairt dó/dí as deaobair.
5. Má tá an cás tromchúiseach d'fhéadfaí cabhair siceolaí oideachais a iarraidh trí dul i dteagmháil leis an mBórd Sláinte.

**An scoil ag obair le agus trí na heagrais éagsúla áitiúla chun cur in aghaidh gach short bullaíochta mar iompar frithshóisialta.**

Tarlaíonn Bullaíocht taobh amuigh den scoil. Fuaireamar amach, trinár dtaighde gur cúis mhór imní an bus. Nílimid freagrach as na páistí ar a mbealach ar agus ón scoil.Iarrfar ar baill eile denn phobal e.g. tiománaithe bus, maoir tráchta scoile 7rl., a thagann i dteagmháil leis na páístí go laethiúil, cuidiú linn in aghaidh bullaíochta trí tuairisc a thabhairt faoi iompar bullaíochta, go discréideach, do thuismitheoirí an linbh agus don scoil.

Is féidir le plé ar an ábhar sa rang le ball den Ghárda Síochána nó le hoibrí phobail cuidiú go mór le cur in aghaidh bullaíochta. Déanfar sin i rith Seachtain Eolais ar Bhullaíocht.

**<u>Measúnú ar Pholasaí na Scoile ar Bhullaíocht</u>**

Déanfar measúnú ar pholasaí na scoile gach bliain.

**<u>Plean Oibre.</u>**

Is minic a mheasann páisti a bhíonn páirteach i mbullaíocht go bhfuil údar maith acu dá niompar agus go mbíonn drogall orthu a admháil go bhfuil aon rud mí-cheart déanta acu.Seans go ndéanfaidh páistí áirithe líomhaintí in aghaidh comhleacaí ranga chun trioblóid a tharraingt air/uirthí. Féadann sé a bheith deacair ar mhúinteoirí nó riarthóirí pictiúirí cruinne de tharlúintí a fháil nó a bheith cinnte cé tá ag insint na fhírinne.Teastaíonn ón múinteoir ranga agus an riarthóir tógáil ar a ngaol speisialta le daltaí aonair chun plé ionraic díreach a spreagadh.

**<u>Ceim 1.</u>**

- Muna mbíonn an tarlú ro-tromchúiseach d'fhéadfaí triaill a bhaint as an fhadhb a réiteach.

- Tabhair deis do gach dalta labhairt agus coimead an plé dírithe ar réiteach a fháil agus cosc a chur ar an mbullaíocht a tharlú arís.
- Ba cheart don mhúinteoir/riarthóir fanacht neodrach ag an am seo agus ligint do na páistí a fháil amach go raibh fadhb ann agus iarracht a dhéanamh a thabhairt orthu a réiteach féin a fháil don easaontas a bhí eatarthu.
- D'fhéadfaí cruinniú a bheith ann tar éis tamaill féachaint an raibh an réiteach éifeachtach.

**Céim 2.**
**Líomhaintí/Tuairiscí arís is arís eile.**

- Bíodh leabhar nótaí ar láimh ag an múinteoir chun cuntas a choimead ar cé ghortaigh cé 7rl – an dáta agus an áit inar tharla an gníomh.
- Scríobhtar cuntas ar eachtra ar bith a tharlaíonn ina dhiaidh sin agus tugtar rabhadh don dalta gon gcuirfear fios ar na tuismitheoirí má tharlaíonn a leithéid aris taobh istigh d'achair gearr.
- Ba cheart cuntas a choimead d'aon gníomh smachta a rinne an múinteoir mar fhianaise gur ghníomhaigh an scoil sa chás

**Céim 3.**
**Tuairisci Tromchúiseacha Bullaíochta.**

- Baineadh an scoil úsáid as an Leabhar Tarlúintí a soláthraíodh chun mínithe an bheirt leanaí a bhreacadh síos chomh maith le tuairisc finné amháin más féidir.Ba cheart mínithe gach leanbh a bhreacadh síos go neamhspleách.Féadann duine fásta ar bith feidhmiú mar scríobhaí.
- Níos déanaí bailíodh an múinteoir ranga nó, múinteoir eile ainmnithe,gach eolas is féidir.agus bíodh cruinniú gearr aige/aicí leis na páistí i gceist.Scríobhtar síos na moltaí ag rá céard a rinneadh agus ag tagairt do pholasaí smachta na scoile.
- Cuirfear in iúl do thuismitheoirí na ndaltaí cad a tharla
- Coimeadfar cuntais cruinne agus agus cuirfear i gcomhad iad go lárnach.

**Conas Cuntas a Choimead**

- Cé hiad na páisti a bhfuil baint acu leis an eachtra nó a gcuirtear ina leith go bhfuil baint acu leis.
- Cén áit agus cathain a tharla sé
- Cad a tharla.
- Ar tugadh tuairisc faoin scéal ag an am agus cé dó/dí a tugadh an tuairisc.Céard a rinneadh?
- Conas ar cuireadh an scéal ar aghaidh dá mba ghá.